

Nótaí Múinteora maidir le Caiteachas Rialtais

Tá na nótaí scríofa chun smaointe a thabhairt duit faoin dóigh a bhféadfaí úsáid a bhaint as na hacmhainní éagsúla a bhaineann leis an téama, 'Caiteachas Rialtais'. Ceapadh na hacmhainní ionas go mbeidh tú in ann iad a úsáid i cibé comhthéacs nó i cibé dóigh is mian leat. Faightear na sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus féadtar an uile thábla a fháil ina bhfoilseacháin 'Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta' ag:

<http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/nationalaccounts/>

Tá sonraí faoi 1973, 1990, 2008 agus 2011 sa chomhad Excel. Tá siad seo ar fáil lena n-úsáid chun comparáidí a dhéanamh le himeacht aimsire. Tabhair faoi deara na hathruithe ar na haonaid ón mbliain 2008 amach ó mhilliúin go billiúin. Tá píchairt in éineacht leis na táblaí sonraí le caiteachas na bliana 2011 a léiriú. D'fhéadfaí é seo a úsáid mar cheacht OHP/cláir bháin agus iarraidh ar na daltaí lipéid/teidil fholaithe a thomhas agus a nochtadh.

Tá ceachtanna sa dá bhileog oibre eile bunaithe ar shonraí 2011. Tá na gníomhaíochtaí féin intuigthe agus d'fhéadfaí iad a úsáid mar phríomhghníomhaíochtaí nó mar obair bhaile.